

AN SGÉALOIDHE FÉIN

Athair máthar m'athar féin a thóg an teach a bhfuil mé i mo chomhnaidhe ann; Seán Mac Confhaola de Bhreathnach a mháthair sin, Nuala. Seán Nuala a tugtaoi air. Bhíodh Clann Mhac Confhaola a' gul go Geansa. Rugadh mo sheanmháthair sa teach seo. Phós sí fear de Chlochartach i Leitir Caladh. Is ann a rugadh m'athair. Bhí mac le Seán Nuala ina shaor báid i mBaile na Cille sa seanteach. Nuair a bhí m'athair ina stócach tháinig sé sa teach a' foghlaim ceirde ó na oncal Peadar, mac Sheán Nuala. Phós Peadar bean de Brúnach in Eanach Feadhain. Bhí oncal eile ann, Maitias Mór. Níor phós sé ariamh agus d'fhan m'athair san áit. Tá an teach déanta le os cionn 150 bliain.

Bhíodh Seán Nuala a' gul go Geansa agus Seán Óg a mhac. Bhídís a' marbhú liabhán siar ó Inis Bó Finne. Lá Bealtaine sheoladh na báid as Leitir Mealláin. Fear aca seo a chaith an tsleagh thar bhád eile gur chuir sé sa liabhán í. Bhí mo dhreatháir ina shor báid agus tá a mhac ina shaor báid in Inis Ní. Sé mo dhreatháir an chéad tsaor a rinne na curacha adhmaid agus tá cuid mhaith aca anois ann.

Bhí fir de na Clochartaigh ina bhfilí. Ba col ceathracha athair mo sheanathar agus athair an Chlochartaigh a rinne "Cúirt an tSrutháin Bhuidhe." Is in aice le Branda Harbour atá an Sruthán Buidhe, an áit a raibh teach beag ag Colm Bhailís. Micil Dhiarmada Ó Clochartaigh an file.

Nuair a bhí mise óg ní raibh aon droichead ó Bhéal a' Daingin go dteighe tú go Ceann Gualaim. An droichead idir Leitir Mealáin agus Gorumna an chéad droichead a rinneadh. Droichead an Daingin an chéad cheann eile a déanadh idir Béal a' Daingin agus Eanach Feadhain. Droichead na dTráichta idir Eanach Feadhain aus Leitir Móir an chéad droichead eile, agus ina dhiaidh sin rinneadh droichead Charraig a' Logáin idir Leitir Móir agus Gorumna. Tá droichead beag eile gaibhte isteach go go Fuirnis idir Leitir Mealláin agus Fuirnis. Tá Daimhinis gan droichead fós agus Inis Seirc agus Inis Bearchain agus an t-Oileán Iarthach.

Le linn m'athar ní raibh teach pobail ar bith i nGorumna. An teach pobail ba ghoire dhuinn Teach Pobail na Miona ag an Tulaigh, seacht míle dhéag uainn. Corr Dhomhnach léigheadh an sagart Aifreann i dteach comhnaidhe. Ní raibh teach pobail i Leitir Mealláin ná i Leitir Móir ná sa gCeathramha Ruadh ná i Rosmuc. Tá Crocán an Aifrinn i mBaile na Cille taobh thoir dtuaidh de Loch Bhaile na Cille. Bhíodh an t-Aifreann dá léigheadh sa ngleann agus na daoine san airdeall ar an gcrocán. Tá sean-roilig i Seanbhaile i mBaile na Cille agus an sean-séipéal ina sheasamh i gcomhnaidhe ann. Tá sé an tsean.

Tá 74 bliain anois agam. Nuair a tháinig me i gcluais ní raibh aon chainnt ar Pharnell na ar Davitt. Ag iasgach, ag déanamh ceilpe agus ag cur fhataí agus ag beathú muc a bhí muinntir an bhaile nuair a bhí mise i mo stócach. Bhí figheadóirí go fairsing. Ní raibh dóibh ach trí phinginn as an tslat. Tá dhá thuistiún dóibh anois. Bhí gréasaithe sa tír againn agus ba

bhreágh uatha na bróga dhéanamh. Bhí táilliúr a' gul thart ó theach go teach. Chonnaic mé líon dá chur dá bhualadh 's dá shníomh. Bhí mo mháthair i ndon eangacha a dhéanamh agus an dorugha a shníomh as an snátha lín. Shníomhfadh na mná an snátha lín. Nuair a bhíodh ceirtlín déanta cuirtí go Gaillimh go leigeadh fear leigthe druifí é. An fear a bhíodh a' leigean an dorugha dhéanadh sé mín nó láidir é do réir mar a theastóchadh uait. Bheadh trí duail is gach dorugha, ach bhíodh na duala níos láidre ná a chéile.